Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**11952/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0159(NLE)**

**PROBA 29**
**DEVGEN 135**
**FORETS 55**
**WTO 68**
**RELEX 1047**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 11409/17 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (IRSG)<br>– Comhaontú i bprionsabal<br>– Iarraidh ar thoiliú ó Pharlaimint na hEorpa |

1. An 18 Iúil 2017, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le ballraíocht an Aontais sa Ghrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar (IRSG) (11409/17).

2. An 24 Iúil 2025, tháinig an Mheitheal um Thráchtearraí (PROBA) ar chomhaontú maidir le togra athbhreithnithe ón Uachtaránacht le haghaidh Cinneadh ón gComhairle agus chomhaontaigh sí gur cheart é a phróiseáil a thuilleadh d’fhonn toiliú a iarraidh ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tarraingt siar an Aontais ó IRSG.

3. Tar éis dóibh teacht ar chomhaontú, d’iarr roinnt Ballstát ráiteas ón gCoimisiún chun athdhearbhú a thabhairt maidir le stóinseacht an fhaireacháin agus an cheaptha beartas amach anseo i réimse an rubair nádúrtha agus chun tiomantas an Choimisiúin a léiriú maidir le bonn fianaise fónta a chur ar fáil dá ghníomhaíochtaí.

4. Tabharfar fógra i scríbhinn faoin tarraingt siar ó IRSG d'Ardrúnaí IRSG faoin 1 Samhain le bheith éifeachtach ón 30 Meitheamh den bhliain féilire ina dhiaidh sin. Comhaltaí a thabharfaidh fógra tar éis an 1 Samhain, beidh siad faoi dhliteanas i leith na ranníocaíochtaí comhaltais don chéad bhliain airgeadais eile ina dhiaidh sin.

5. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas fógra a thabhairt d'Ardrúnaí IRSG faoin 1 Samhain 2025 ar a dhéanaí chun go mbeidh éifeacht leis an tarraingt siar an 30 Meitheamh 2026 agus chun dliteanas i leith na ranníocaíochtaí ballraíochta don chéad bhliain airgeadais eile a sheachaint.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle:

– an comhaontú i bprionsabal a dhearbhú i ndáil leis an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tarraingt siar an Aontais Eorpaigh ón nGrúpa Staidéir Idirnáisiúnta um Rubar, mar a leagtar amach in 11951/25 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha ar an téacs ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– toiliú Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar bhonn an doiciméid thuasluaite. I bhfianaise na hoibleagáide fógra a thabhairt d'Ardrúnaí IRSG faoin 1 Samhain 2025 ar a dhéanaí ionas nach gcuirfear síneadh le ballraíocht an Aontais in IRSG, agus lena ranníocaíocht airgeadais leis, ba cheart a iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa a toiliú a thabhairt a luaithe is féidir agus ag seisiún iomlánach an 6 agus an 9 Deireadh Fómhair 2025 ar a dhéanaí.